

AN TIGHEARNA SONA.

Fear abhí ann a raibh triúr mac aige. Nuair abhí sé le linn bás fhaghail ansoin sé raibh aigh le tabhairt dhóibh, muileann dho fhear acab, gearán bán dhe'n dárna fear agus an teach dho'n fear ab'óige agus ní raibh an aonfhacht leis an bfhear 'sa teach ach cut. Nuair abhí a raibh 'sa teach ansoin caitthe acab sheas siad suas a breathnughadh ar a chéile. Labhair an cut, "bhoil" adeir sé má theigheann tusa agus mise mharbhughadh dheamhain mór an achair a bhainféas tú asam agus má mharbhuighinn se thusa beidh an chuid deirneach dhíot lobhta orm sul má fhéudaim tú ithe. Ach níl sé go reath ort tada a dheanamh. Dá mbeadh sé go rath ort píosa leathair fhagail agus péire broga a dheanamh domsa bféidir go ndeinnfhainn rud eicint a mbeadh maith ann dho'n bheirt ainn."

D'ímtigh leis agus fuair sé píosa leathair agus rinne sé péire bróga dho'n chut. Nuair abhí na broga daingnithe suas ag a gcut ar fhéin fuair sé mála agus bhuail leis go dtáinig sé chomh fada leis an muileann. D'fuaruigh fear a muilinn de cá raibh sé a dhul. "Caith sláimín beag coirce sa mála seo dhom" adeir a cut. Chuaidh a mhuilinn a cur coirce sa mala "ná cur ann ach sláimín beag" adeir a cut "mar níl mé i ndon mórán iompar". Nuair abhí an coirce sa mála chaith sé ar a dhroim é agus bhuail leis go dtáinig sé i ngleann uaigneach amuigh ar a sliabh. Chaith sé slámh dhe'n choirce amach ar a talamh agus d'fhág sé béul an mhála osluighthe. Ní raibh mórán achair go dtáinig gírrfhiadh agus go ndeachaidh sé ag ithe an choirce abhí caitte ar a talamh, agus nuair abhí sé sgaitheamh ag ithe d'ímtigh sé agus níorbh fhada go dtáinig sé fhéin agus gírrfhiadh eile aríst. An méid abhí amuigh ar an talamh d'íth siad agus ansoin bhreathnuigh siad isteach sa mála agus chuaidh siad isteach ag ithe an choirce abhí sa mala. Nuair a thosuigh siad 'gá niompughadh fhéin istigh 'sa mala dhúin an mala isteach orrthab.

Tháinig an cut agus chuir sé corr ar an mala agus chroch sé leis é agus níor stop sé ariamh go ndeachaidh sé chomh fada le cúirt a' Rí. Nuair a tháinig sé ag a gcúirt an chéud duine a casadh dhó sé an chaoi ar sganntuigh an duine sin. Nuair a fhiarruigheadh de cá raibh sé dhul. "Tá mé dhul go bhfeicfidh mé an Rí" adeir sé. Dubhradh leis nach bhfeudhfhadh sé an Rí fheiceail. "Caithfidh mé é fheiceáil" adeir sé "agus cébrí áit a bhfuil sé tabhair chomh fada leis mé." Nuair a chuaidh sé chomh fada leis an Rí sganntuigh an Rí "Cáil tú dul" adeir an Rí. "Tá mé teacht le dhá ghírrfhiadh a chuir mo mháigistir a'd le haghaidh ántraith" adeir sé "ach caithfidh tú féin iad a mharbhughadh mar ní maith leis rud marbh a bith a chur ag do shórt sa dhe fhear mar bhronntanas" "Agus cé'n tainm atá ar do maighistir" adeir a Rí "An Tighearna Sona" adeir an cut. "Bhoil" tá mé an iongtanach ansoin" adeir a Rí "fear mar sin a bheith chomh gar dom agus gan aithnigh a bheith agam air." "Ó sé an sórt fear é" adeir a' cut "fear nach bhfuil ag iarraidh ainm a chur amach "maith fhaigheann tú aon bhrontanas eile le tabhairt a'm" adeir a Rí "tiubhrfaidh tú agam é - éun maith no rud dhen tsort sin." Tiubhrfaidh adeir a' cut agus bféidir a máireach. Thug sé chúig phunt dho'n cut agus ní raibh

an cut a dhul 'ga nglacadh a deanamh amach nar theastuigh siad uaidh ach chuir an Rí ar gan bhuidheachas iad.

Tháinig sé abhaile ansoin ag a maighistir. "Seo dhuit anois" adeir sé "na chúig phunt seo agus bféidir go mbeadh tuille a'd nuair a bheadh siad sin caithte. Bhuaile a cut leis lá'r na mháireach agus an mala go dtí fear a mhuilinn "cáil tú dul" adeir a fear leis. "Tá mé gearra sláimín coirce" adeir a cut. "Tiubhrfhaidh mé slám maith dhuit indiu" adeir a' fear "ná tabhair" adeir a cut "mar is ar éigin a d'iompair mé an méid a thug thú dom inde abhaile." Nuair a fuair sé ansoin é agus chuaidh sé i ngleann eile agus sgaip sé amach é ar nos an lae roimhe sin. Is gearr go dtáinig pataire uisce agus gur thosuigh sé'ghá ithe. D'ímtigh sé agus ba ghearr go raibh sé ar ais agus ceann eile an aonfeacht leis. Nuair abhí an coirce abhí a talamh ithte acab chuaidh siad isteach sa mála agus nuair a fuair an cut istigh iad rinne sé fearacht na ngirfiadhacha leotabh. Chaith sé ar a dhruim iad agus chuaidh sé go dtí cúirt a Rí agus nuair a chuala an Rí go raibh sé a teacht dubhairt sé é leigeann anios chomh fada leis fhéin go dteighfheadh sé an cainnte leis agus bhí siad uilig cáillte leis a' bhfaithchios roimhe. "Céurd tá a'd indiu" adeir a Rí "Patairí uisce" adeir sé. "Péire" adeir a' Rí. "Ní sheah" adeir sé ach trí cinn. "Creidim" adeir a' Rí "gur mór a fear é do mhaighistir-sa." "Is mór" adeir a cut. "A bhfuil cúirt breagh aige." "Níos bhreaghtha na do chúirt sa" adeir an cut. "A mbíonn sé a coingbheal stoic" adeir a Rí. "Ó maidir le stoc" adeir a cut "ní féidir iad a chomhramh." "A mbíonn curuigheacht deanta aige." "Ó saoghul dhuit" adeir a cut. Ar nú an méid a bhfuil gno aige de. Dá mbeithfhea a siubhal go ceann seachtmaine o indiu ní bhfaighfheá aon fhear a bhfuil an oiread féar is coirce curtha aige leis. "Muisé meas tú" adeir a Rí "a bpósfhad sé m'ingean." "Bhoil nior chuala mé a cainnt ar aon bhean ariamh." adeir a' cut ach ma's maith leatsa t'ingean a phósadh, nior iarr mise ar aon bhlas a dheanamh ariamh nach ndearnaidh sé agus iarrfaidh mé air t'ingean a phósadh." "Creidim tú" adeir a' Rí "agus bfeidir go bhfuil a' ceart aige ach rachfhaidh mé fhéin a breathnughadh ar a áit a máireach." "Teigh" adeir a cut. Thug sé chúig phunt eile dho'n chut. "Maidir le airgead" adeir a' cut "níl sé a teastáil uainn ach níl sé ceart duine uasal a bith a eiteach ní hé amháin do léithid-sa dhe Rí".

D'ímtigh leis a gcut agus bhí sé ag siubhal leis a bóthar agus chonaic sé páirc fhéir agus sgór spealladóirí istigh innte 'ga gearradh. Labhair sé leis na spealladóirí agus arnú sgantruigh siad. "Má feiceann sib" adeir sé "fear a bith a dhul a bothar seo a máireach abruigí leis gur leis an Thiagharna Sona an pháirc seo nú mar a ndearfaidh beidh mise suas libh." "Déarfhaidh muid" adeir na spealladóirí "níl fhios ainne cé'n Tighearna ar leis í agus bféidir gur fearr fhios a'd fhéin é ná ainne." Ní morán eile a abhí siubhalta aige nuair a casadh páirc eile leis chomh mór leis an gcéad pháirc agus an oiread céadhna fear istigh a' baint choirce innte. Labhair sé leothab agus arnú tháinig faithchios orrthab. "Má feiceann sibh fear a bith a dhul thar anseo a máireach" adeir sé "a dfiarróchas dhíb cé leis an pháirc sin abruigí gur leis a Tighearna Sona í." "Níl fhios ainne cé'n Tighearna ar leis í." Adeir siad ach ní chuirfidh sé mórán as dúinne é sin a radh leis."

Bhuaile leis ansoin go dtáinig sé go dtí an chúirt nach bhfaca sé cheanna chomh breagh léithe ariamh. Nuair a chuaidh sé isteach bhí fear istigh roimhe. "Is cosamhail le draoieadóir thusa" adeir a cut, "bféidir go b'eadh" adeir a' fear. Bhí siad a' breathnuigheadh ar a chéile agus

cebri faitchios abhí ag a draoieadóir roimh an gcut ní raibh faitchios a' bith ag a gcut roimhe. "Ní cheapfainn go bhfuil mórán droidheacht a'd adeir a cut "mar a ndeanfhá bó dhíot fhéin." Rinne sé bó dhe fhéin. "Ba cheart dhuit" adeir a cut "luichin bheag a dheanamh dhíot fhéin go dtosóchá a rith orm." Rinne sé luch dhe fhéin agus thosuigh sé rith ar a gcut, thosuigh an cut a rith uaidh ach ba gearr gur bhvail a' cut a chos innte agus gur chuir sé a cloigeann suas ina bhéul agus changail sé é. Bhí an droieadóir, na páirceanna agus arnú maidir le na chuid ealach ní raibh aon cunntas orrthab.

D'ímtigh leis a gcut agus tháinig sé abhaile go dtí na mháigistir. "Anois" adeir sé "eirigh go breagh moch a máireach agus caith díot an téudach sin agus teirigh amach sa loch agus nigh thú fhéin agus nigh go maith thú fhéin freisin. Tá an Rí a teacht a máireach a breathnuigheadh ort agus níl fhios a'm sa nach dtiofadh an ingean an aonfeacht leis." Nuair a d'eirigh an fear ar maidin chuaidh sé ina locha. Nuair ad'eirigh an Rí chuaidh sé fhéin an siubhail agus dubhairt an ingean go leanfadh sí fhéin é. Bhí an Rí ag imteacht leis go dtáinig sé go dtí na fir abhí bainnt an fhéir "cé leis an pháirc sin" adeir sé "leis an Tighearna Sona" adeir siad san "nac iongantach" adeir sé "nach chuala mé aon chaint ar an bfeair sin ariamh." Bhí sé siubhal leis go dtáinig sé go dtí na fir abhí bainnt an choirce "cé leis í sin" adeir sé leis na fir "leis an Tighearna Sona" adeir siadsan. "Creidim" adeir sé leis fhéin "gur fear thar cionn é seo, má phósann sé m'ingean chor a bith is ann a tá an cheist."

Bhí sé siubhal leis go dtáinig sé go dtí an áit a raibh an fear amuigh sa loch. Bhí an cut ansin agus é breathnughadh go hionguntach ar chaon taobh dhe. Céúrd tá ort anois" adeir a Rí. "Tá cantal agus fearg orm" adeir a cut. "Mar d'fhág an maighistir sin atá orm an chúirt indiu go dtáinig sé ar snámh sa loch seo mar 's fear mór snáimh é d'fhág sé an teach tháinig mise ar a thoruigheacht agus deir sé liom nuair chuaidh sé amach 'sa loch seo go dtáinig ealach agus go dtuh siad leis a chuid eudaigh." "Huga leat" adeir a Rí "go dtí mo chúirt-sa agus tabhair culaith éudaigh as mo chúirt-sa aige. "Nach goire dhom an chúirt sainn fhéin ná do chúirt-sa" adeir a cut "ach nar mhaith liom corrughadh as seo go dteagfadh duine eicint a bheadh a breathnughadh ar seo."

Chuaidh sé go dtí cúirt an droieadóir agus thug sé leis culaith le haghaidh an fhir agus nuair a tháinig sé ar ais. Cuir an fear an teudach ar fhéin. Nuair a shiubhail sé aníos "a bposfhaidh tú m'ingean" adeir a Rí. "Níl fhios a'm" adeir a fear. "Tá fhios a'm sa go bposfair" adeir a cut. "Rud a bith a d'iarrfhas tusa orm deanfhaidh mé é" adeir sé leis a gcut. "Siubhail uaibh ag a gcúirt" adeir a cut d'fhág mé bolsaire a réidhteach béilí dhíbh nuair a dfág mé an chúirt." Nuair abhí siad a teacht ag a gcúirt cé bheadh a siubhal aníos ach an ingean, agus nuair chonaic sí an fear chuir sí a dá láimh timceall air.

Chuaidh siad isteach 'sa gcúirt agus bhí an bord ba bhreaghta faoi'n domhan leagtha anuas rompa agus fear beag ghá leagan annuas. Nuair abhí an dinnéar caithte acab dubhairt a cut go raibh sé chom maith dhóibh fios a chur ar shagart meise agus ar chléireach uisge agus pósadh. Cuireadh fios orrthab agus tháinigadar agus pósadh iad.

Thug an cut síos do ansoin an méid abhí ag an droieadóir idir pairceanna, cúirt agus airgead agus ba leis an bhfeair iad ansoin. D'fhan a cut an aonfeacht leótabh agus bhí sé acab le

haghaidh chuile shórt agus ní raibh aon bochtugadh ina gcionn an fhad is bhí an cut acab.
Séurd abhí sa gcut é fhéin droiceadóir ach go raibh sé imteacht ina chut.

Dán Dhonacha Mhóir

Sgéul faoi fhear abhí a foighleireacht

Birr fhiudh Ruisin na mBan loch

Bean a chuaidh in aonaigh le bó

An láir Dhonn

An iolle deociach

Easgan na fairrige Dearg

Sgéul Cloinn Con Riogh.

Maide bradach—Trap door (Micilín)

Feall Leac-(Padraig O Gabháin

Deir Micilín “gur as Tír na nÓg a tagans a fíor uisge

Cab a dusáin=Dwarf gréasaidhe na sgillinge = dwarf ach nach bhfuil sé chomh mór le cab a dusáin

Muirbheach =Softfield